



Corpoideachas

Sonraíocht do Ghearrchúrsa de chuid na Sraithe

Sóisearaí

An Clár Ábhar

Corpoideachas	1
Sonraíocht do Ghearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí	1
Meitheamh 2016	1
Intreoir don tsraith shóisearach	3
Réasúnaíocht	4
Aidhm	5
Forbhreathnú: Naisc	6
Corpoideachas agus ráitis foghlama	6
Corpoideachas agus príomhscileanna	8
Forbhreathnú: Cúrsa	11
Ionchais maidir le scoláirí	13
Torthaí Foghlama	13
Measúnú agus tuairisciú	18
Measúnú Rangbhunaithe	18
Measúnú Rangbhunaithe: Fianaise ar fhoghlaim a roghnú	19
Na gnéithe cáilíochta	19
Measúnú cuimsitheach	19
Aguisín 1: Na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí	21

Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar taithí a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Is taithí d'ardchaighdeán a bhíonn iontu seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaim, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaim a fhorbairt maidir le cruthaitheacht agus le fiontar. Tógann clár an scoláire sa tsraith shóisearach ar an bhfoghlaim a rinne sé sa bhunscoil. Tacaíonn sé leis tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama. Cabhraíonn sé leis an scoláire chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshlán an tsaoil lasmuigh den scoil.

Réasúnaíocht

Tá daoine óga sa tsraith shóisearach ag céim thábhachtach ina saol, nuair atá siad ag forbairt go tapa; go fisiciúil, go síceolaíoch agus go sóisialta. Níos mó agus níos mó tá an duine óg ag déanamh a chinntí féin maidir le stíl bheatha, lena n-áirítear an mbeidh sé páirteach agus/nó conas a bheidh sé páirteach i ngníomhaíocht choirp rialta. Is féidir leis an gcorpoideachas deiseanna foghlama taitneamhacha fiúntacha a chur ar fáil do gach scoláire, mar a fhorbraíonn sé na scileanna agus na cumais luaile le páirt a ghlacadh agus le léiriú a thabhairt i ngníomhaíochtaí coirp éagsúla go hinniúil, go muiníneach agus go sábháilte. Tógann sé spreagadh agus tiomantas an scoláire don ghníomhaíocht choirp agus don spórt laistigh den scoil agus lasmuigh di. Is féidir leis an scoláire a spreagadh le bheith páirteach i róil rannpháirtíochta agus ceannaireachta, beag beann ar a thaithí nó a chumas roimhe seo sa ghníomhaíocht choirp.

Ar an ngearrchúrsa seo foghlaimíonn an scoláire le léirithuisint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le ghníomhaíocht choirp rialta a fheabhsaíonn an tsláinte agus le roghanna eolacha a dhéanamh maidir le conas gníomhaíocht choirp a chur san áireamh mar stíl bheatha fholláin. Tá roghanna eolacha mar sin ríthábhachtach le nósanna saoil de ghníomhaíocht choirp a fhorbairt; mar sin cuirtear béim faoi leith ar rogha an scoláire agus ar chomhairliúchán leis an scoláire i ndearadh an chúrsa agus an mheasúnaithe. Tógann an cúrsa ar fhoghlaim sa chorpoideachas sa bhunscoil agus leagann sé dúshraith d'fhoghlaim an scoláire sa chorpoideachas sa tsraith shinsearach.

Cuireann an gearrchúrsa seo le foghlaim thábhachtach i gclár Folláine na scoile laistigh den tsraith shóisearach. Mar thoradh ar a fhoghlaim sa chorpoideachas ba chóir go mbeidh an scoláire níos ábalta agus níos spreagtha ghníomhaíocht choirp rialta a bheith ina shaol, ag cur mar sin lena fholláine ar fad.

Sainithníodh sé tháscaire – Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Meas agus Feasach – sa tsraith shóisearach atá lárnach i bhfolláine an scoláire. Cuireann an corpoideachas deiseanna foghlama ar fáil a dearadh le cur le gach ceann de na táscairí sin.

Aidhm

Tá sé mar aidhm ag gearrchúrsa an chorpoideachais an scoláire a fhorbairt mar rannpháirtí eolach, sciliúil agus cruthaitheach atá muiníneach agus inniúil chun réimse gníomhaíochtaí a dhéanamh go sábháilte. Tá mar aidhm ag an gcúrsa cur le léirthuisicint an scoláire don tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht choirp a fheabhsaíonn an tsláinte agus tiomantas a chothú di anois agus amach anseo.

Forbhreathnú: Naisc

Léirítear i dTáblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhféadfaí corpoideachas a nascadh le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

Corpoideachas agus ráitis foghlama

Tábla 1: Naisc idir corpoideachas na sraithe sóisearaí agus na ráitis foghlama

Ráitis Foghlama	
Ráiteas	Samplaí d'fhoghlaim ghaolmhar sa chúrsa
RF 12: Is rannpháirtí muiníneach agus cumasach é/í an scoláire sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus tá inspreagadh ann/inti le bheith gníomhach go fisiciúil.	Éiríonn an scoláire níos muiníní agus níos inniúla de réir mar a fhoghlaimíonn sé le bheith páirteach i réimse gníomhaíochtaí choirp atá dúshlánach agus cuí maidir lena fhorbairt. Socraíonn sé spriocanna agus pleanálann sé a inniúlacht, a chorpacmhainn agus a rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp a fheabhsú.
RF 11: Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú.	Déanann an scoláire machnamh ar a leibhéal gníomhaíocht choirp féin agus pleanálann sé do rannpháirtíocht rialta, bhríoch, i ngníomhaíocht choirp. Bíonn sé páirteach i ngníomhaíochtaí a chuireann caidrimh dhearfacha chun cinn agus a éilíonn comhoibriú agus meas ar chumais éagsúla. Foghlaimíonn an scoláire le nósanna imeachta sábháilteachta a chur i bhfeidhm sna gníomhaíochtaí éagsúla go léir. Pleanálann sé gníomhaíochtaí réamhaclaíochta (téamh suas) agus fuaraithe cuí, stiúránn sé iad agus bíonn sé páirteach iontu.

RF 4: Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist.

Cruthaíonn agus léiríonn an scoláire taibhithe damhsa agus/nó gleacaíochta aonair agus grúpa de réir na gcritéar le haghaidh taibhiú ealaíne. Feabhsaíonn sé a thaibhithe bunaithe ar mhachnamh agus ar aiseolas.

Corpoideachas agus príomhscileanna

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil.

Fíor 1: Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí



Cuireann an cúrsa seo deiseanna ar fáil chun tacú leis na príomhscileanna uile, ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo. Sainithnítear sna samplaí thíos roinnt de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama sa chorpoideachas. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

Tábla 2: Naisc idir corpoideachas na sraithe sóisearaí agus príomhscileanna

An phríomhscil	Gné na príomhscile	Gníomhaíocht foghlama an scoláire
A bheith cruthaitheach	Roghanna a fhiosrú	Pléann agus comhaontaíonn an scoláire réitigh ar fhadhbanna a thagann chun cinn i ngníomhaíochtaí coirp éagsúla.
A bheith liteartha	Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas	Pléann an scoláire réitigh éagsúla ar thascanna sa chorpoideachas lena chomhscoláirí.
A bheith uimheartha	Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú	Déanann an scoláire anailís staitistiúil ar a fheidhmiú féin agus ar fheidhmiú daoine eile, cuireann sé i láthair í i ngrafaic, agus úsáideann sé na tátail le feidhmiú a mheasúnú agus le pleanáil d'fheabhsú.
Cumarsáid	Éisteacht agus mé féin a chur in iúl	Réitíonn an scoláire fadhbanna agus pléann sé réitigh le meas le comhscoláirí i réimse gníomhaíochtaí coirp.
Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú	Eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifeadadh, a eagrú agus a mheas	Bailíonn agus eagraíonn an scoláire sonraí le fianaise a chur ar fáil faoina fheidhmiú féin agus faoi fheidhmiú daoine eile. Úsáideann sé an fhaisnéis sin le pleanáil le d'fheabhsú.
Mé féin a bhainistiú	Spríocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach	Ceapann agus tugann an scoláire faoi phleananna le spríocanna pearsanta nó grúpa a bhaint amach. Déanann sé machnamh ar a dhul chun cinn agus ar a fhoghlaim agus déanann sé na coigeartuithe is gá ar a spríocanna.

Fanacht folláin	A bheith sláintiúil, fisiciúil agus gníomhach	<p>Foghlaimíonn an scoláire le cinntí eolacha a dhéanamh faoina rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp.</p> <p>Foghlaimíonn an scoláire le cúram agus meas a léiriú air féin agus ar dhaoine eile agus é ag páirteach i ngníomhaíochtaí éagsúla.</p>
Obair le daoine eile	Ag comhoibriú	<p>Glacann an scoláire páirt i dtascanna le comhscoláirí agus i ngrúpa a éilíonn comhoibriú chun comhspríocanna dúshlánacha a bhaint amach.</p>

Forbhreathnú: Cúrsa

Leagtar amach an tsonraíocht bunaithe ar cheithre shnáithe: **Gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte agus na folláine; Cluichí; Dúshlán aonair agus foirne;** agus **Damhsa agus gleacaíocht.**

Snáithe 1: Gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte agus na folláine. Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo tuiscint an scoláire ar ghníomhaíocht choirp rialta a fheabhsaíonn sláinte mar chuid de stíl bheatha shláintiúil, agus tiomantas an scoláire di, a thógáil. Cuireann an scoláire a chuid foghlama i bhfeidhm agus é ag dearadh, ag cur i bhfeidhm agus ag measúnú a chláir gníomhaíocht choirp féin.

Snáithe 2: Cluichí. Díríonn an snáithe seo ar chumas agus ar mhuinín an scoláire a thógáil in **dhá cheann** de na catagóirí cluiche seo a leanas: cluiche cúirte roinnte, cluiche ionsaithe agus cluiche buailte agus ceaptha. Foghlaimíonn an scoláire le réimse scileanna agus inniúlachtaí luaille inaistrithe a fhorbairt agus na bealaí is féidir iad sin a úsáid laistigh de na catagóirí cluiche difriúla agus tríothu.

Snáithe 3: Dúshlán aonair agus foirne. Díríonn an snáithe seo ar chumas agus ar mhuinín an scoláire a thógáil in **dhá** cheann de na réimsí gníomhaíocht choirp seo a leanas: treodóireacht agus dúshlán foirne, uiscíocht agus lúthchleasaíocht. Spreagtar an scoláire chun spriocanna dúshlánacha a shocrú dó féin go haonarach agus/nó mar chuid d'fhoireann agus chun machnamh a dhéanamh ar an taithí agus ar an dul chun cinn atá déanta go dtí sin. Sa snáithe seo féadfaidh scoileanna gníomhaíocht eachtra a roghnú seachas treodóireacht má éascaíonn a láthair an rogha sin.

Snáithe 4: Damhsa agus gleacaíocht. Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo inniúlacht agus tuiscint an scoláire ar luail ealaíonta agus aeistéitiúil a thógáil, agus é ag cruthú agus ag léiriú do lucht féachana mar chuid de ghrúpa sa ghleacaíocht **nó** sa damhsa. Tá an próiseas ina gcruthaítear an sraith luailí damhsa nó gleacaíochta chomh tábhachtach leis an taibhiú deireanach.

Socróidh gach scoil an t-ord ina dteagascfar na snáitheanna agus, nuair is cuí, tabharfar an t-ualú ama céanna do gach snáithe lena chinntiú go bhfuil clár leathan, cothromaithe agus cuí maidir le forbairt ann a **chlúdaíonn ceithre shnáithe an chúrsa.**

Léiríonn an Measúnú Rangbhunaithe a dtugtar breac-chuntas air thíos an fhoghlaim a dhéanfaidh an scoláire sa ghearrchúrsa seo ó CNCM. Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, d'fhéadfadh go mbeadh ar an scoil an Measúnú Rangbhunaithe a athrú freisin, ionas go léirítear foghlaim an scoláire ann. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le

Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt.

Ailínítear na torthaí foghlama sa ghearrchúrsa seo go ginearálta leis na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1).

Dearadh an gearrchúrsa corpoideachais le haghaidh thart ar 100 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire.

Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é *ionchais maidir le scoláirí* a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí. I gcás na ngearrchúrsaí a d'fhorbair CNCM, beidh samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama ar fáil. D'fhéadfadh go rachadh sé chun tairbhe scoile a dhearann a cuid gearrchúrsaí féin taisce samplaí d'obair scoláirí a chruthú le haghaidh plé agus tagartha amach anseo.

Torthaí Foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ar chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó an gearrchúrsa corpoideachais seo a chur i gcrích i rith na sraithe sóisearaí. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire agus léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na tréimhse staidéir (thart ar 100 uair an chloig).

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin.

Snáithe 1: Gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte agus na folláine	
<i>Foghlaimíonn an scoláire faoi</i>	Torthaí foghlama <i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire</i>
An chaoi le monatóireacht a dhéanamh ar a chorpacmhainn agus í a fheabhsú	<p>1.1 spriocanna SICRU a shocrú bunaithe ar a thorthaí corpacmhainne a bhaineann le sláinte agus/nó feidhmiú, faoi réir na norm dá aois agus dá ghnéas</p> <p>1.2 prionsabail na traenála a chur i bhfeidhm laistigh de chlár pearsantaithe le haghaidh gníomhaíocht choirp (sé seachtaine ar a laghad) arna cheapadh chun feabhas a chur ar a chorpacmhainn ar son a shláinte agus/nó a bhaineann le feidhmiú, agus taifead a choinneáil ar a dhul chun cinn</p> <p>1.3 a rannpháirtíocht agus a dhul chun cinn sa chlár a mheas, ag tabhairt fianaise ar dhul chun cinn a dhéantar agus ag sainaitheint bealaí inar bhféadfadh sé forbairt tuilleadh</p>
Gníomhaíocht choirp do chách	<p>1.4 réimse teicnící tomhais a úsáid chun monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar leibhéal gníomhaíocht choirp thar thréimhse leanúnach ama</p> <p>1.5 réimse straitéisí a shainaithint chun tacú le rannpháirtíocht leanúnach i ngníomhaíocht choirp a bhaineann leis an tsláinte</p> <p>1.6 gníomhaíochtaí coirp a thaitníonn le daoine óga a stiúradh, gníomhaíochtaí ar féidir leo tabhairt fúthu chun na híosmholtaí le haghaidh gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte a bhaint amach.</p>

Snáithe 2: Cluichí

Foghlaimíonn an scoláire faoi **dhá cheann** de na catagóirí cluichí.

<i>Foghlaimíonn an scoláire faoi</i>	Torthaí foghlama <i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire</i>
Cluichí ionraidh	2.1 réimse leathan scileanna agus straitéisí luaille a úsáid go héifeachtach chun a fheidhmiú féin a fheabhsú
Cluichí buailte agus ceaptha	2.2 freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a fheidhmiú féin, bunaithe ar láidreachtaí agus riachtanais forbartha phearsanta
Cluichí cúirte roinnte	2.3 gníomhaíochtaí a leasú chun cuimsiú agus taitneamh a chur chun cinn go sábháilte 2.4 gníomhaíochtaí a léiriú chun feabhas a chur ar a chorpacmhainn ar son a sláinte agus/nó a bhaineann le feidhmiú le haghaidh cluiche áirithe, lena n-áirítear réamhaclaíocht agus fuarú 2.5 freagairt, ina aonair agus mar bhall foirne, do chásanna difriúla cluichí

Snáithe 3: Dúshlám aonair agus foirne	
Foghlaimíonn an scoláire faoi dhá cheann de na réimsí gníomhaíocht choirp.	
<i>Foghlaimíonn an scoláire faoi</i>	Torthaí foghlama <i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire</i>
Treodóireacht agus dúshlám foirne	<p>3.1 straitéisí treodóireachta agus scileanna léamh léarscáileanna a úsáid chun imeachtaí éagsúla treodóireachta a dhéanamh go sábháilte agus go muiníneach, ag léiriú measa ar an gcomhshaol</p> <p>3.2 cur le dúshlám foirne a éilíonn comhoibriú agus scileanna réitithe fadhbanna chun sprioc chomónta a bhaint amach</p> <p>3.3 machnamh ar a chion pearsanta féin agus ar éifeachtúlacht a fhoirne i dtaca le dúshlám grúpa a chur i gcrích.</p>
Uiscíocht	<p>3.4 feidhmiú go hinniúil agus go muiníneach i réimse de bhéimeanna snámha</p> <p>3.5 freagairt go cuí do réimse cásanna sábháilteacht uisce</p> <p>3.6 freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a fheidhmiú féin, bunaithe ar láidreachtaí agus riachtanais forbartha phearsanta</p>
Lúthchleasaíocht	<p>3.7 léiriú go hinniúil, go muiníneach agus go sábháilte i réimse imeachtaí lúthchleasaíochta</p> <p>3.8 gníomhaíochtaí a léiriú le feidhmiú a fheabhsú in imeachtaí lúthchleasaíochta, lena n-áirítear ullmhú fisiciúil agus meabhrach</p> <p>3.9 freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a fheidhmiú féin, bunaithe ar láidreachtaí agus riachtanais forbartha phearsanta</p>

Snáithe 4: Damhsa agus gleacaíocht

Foghlaimíonn an scoláire faoi ghleacaíocht nó damhsa sa snáithe seo.

<i>Foghlaimíonn an scoláire faoi</i>	Torthaí foghlama <i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire</i>
Sraith luailí a chruthú	4.1 damhsa a chruthú leis féin nó le daoine eile, ina bhfuil stíl roghnaithe damhsa agus réimse de theicnící cóiréagrafacha agus frapaí oiriúnacha agus ceol <p style="text-align: center;">Nó</p> 4.2 sraith luailí nó gnáthamh a chruthú bunaithe ar théama gleacaíochta (leis féin nó le daoine eile), agus réimse de theicnící cumadóireachta agus de scileanna gleacaíochta a chuimsiú ann
Machnamh a dhéanamh ar léiriú	4.3 a léiriú a bheachtú de réir critic ar fhíseán dá léiriú agus/nó aiseolais ó dhaoine eile
Léiriú a dhéanamh	4.4 an tsraith luailí damhsa/gleacaíochta a léiriú do lucht féachana agus ceol agus/nó frapaí cuí á gcuimsiú 4.5 machnamh a dhéanamh ar an taithí a fuair sé ag cruthú léiriú agus ag glacadh páirte ann

Measúnú agus tuairisciú

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Tacaíonn an gearrchúrsa seo le héagsúlacht leathan cuir chuige i leith measúnú. Tá roinnt torthaí foghlama ann atá níos oiriúnaí do mheasúnú aonuaire, agus cuid eile atá níos oiriúnaí don mheasúnú ar bhonn leanúnach de réir mar a bhíonn an scoláire páirteach i ngníomhaíochtaí mar phlé, míniú, taighde, cur i láthair, pleanáil agus gníomhú. Sna comhthéacsanna sin, déanann an scoláire, i dteannta a mhúinteora agus a chomhscoláirí, machnamh ar a chuid foghlama féin agus ar fhoghlaim daoine eile agus tugann sé breithiúnas orthu trí bhreathnú ar chaighdeán na bpíosaí áirithe oibre. Pleanáilann sé na chéad chéimeanna eile ina chuid foghlama, bunaithe ar an aiseolas a fhaigheann agus a thugann sé. Is féidir le measúnú leanúnach tacú leis an scoláire ina aistear foghlama agus ina ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe a bhaineann leis an ngearrchúrsa seo.

Samhlaítear go dtabharfaidh an scoláire fianaise ar a fhoghlaim ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear meáin dhigiteacha, taifid fuaime agus píosaí scríofa.

Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cuirfear dul chun cinn agus gnóthachtáil an scoláire sna gearrchúrsaí, idir mheasúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a bhaineann go sonrach leis an ngearrchúrsa seo, in iúl dá thuismitheoirí sa tuairisciú eatramhach agus i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS). Tá Acmhainní don Mheasúnú ar fáil ar líne chun tacú le múinteoirí agus le scoileanna. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), áireofar sna hAcmhainní don Mheasúnú ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc, measúnaithe agus tuairiscithe.

Measúnú Rangbhunaithe

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sa mheasúnú sonrach/sna measúnuithe sonracha a leagtar amach i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Beidh Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngearrchúrsaí na sraithe sóisearaí. Nuair is féidir, glacfaidh múinteoirí na ngearrchúrsaí páirt i gcruinnithe athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú.

Measúnú Rangbhunaithe: Fianaise ar fhoghlaim a roghnú

I ngach snáithe den ghearrchúrsa corpoideachais seo tá cineálacha éagsúla taithí foghlama shíceamótrach agus tugtar deis don scoláire aiseolas forbartha a fháil de réir mar a bhíonn sé i mbun foghlama. Baileoidh an scoláire fianaise ar a bhfuil foghlamtha aige sa snáithe áirithe sin trí mheasúnú leanúnach le linn gach snáithe agus/nó ag a dheireadh.

Sa tríú bliain, nuair a bheidh na ceithre snáithe críochnaithe aige, roghnóidh an scoláire fianaise ar a fhoghlaim i snáithe amháin lena chur isteach le haghaidh a Mheasúnaithe Rangbhunaithe.

Is féidir an Measúnú Rangbhunaithe a chur i láthair i bhformáid scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime agus is féidir tacú leis sna formáidí sin trí agallamh nó cur i láthair a úsáid.

Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúinithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun Measúnú Rangbhunaithe an scoláire a mheas.

Beidh sonraí níos mine ar fáil i dtreoirínte measúnaithe ar leith le haghaidh corpoideachais maidir leis an measúnú agus tuairisciú sa ghearrchúrsa corpoideachais seo, lena n-áirítear gnéithe cáilíochta agus sonraí faoi na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo. Cuimseoidh na treoirínte, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh píosaí oibre an scoláire, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas 'ar an iomlán' a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta.

Measúnú cuimsitheach

Is príomhghné de theagasc agus d'fhoghlaim ar scoil iad cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnú Rangbhunaithe. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag

teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir.

Bíonn oiriúntais a chuireann ar chumas gach scoláire teacht ar fhoghlaim agus measúnú bunaithe ar riachtanais shonracha. Mar shampla, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann clóscríobh go fisiciúil bogearraí deachtaithe atá saor in aisce a úsáid chun measúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann labhairt físeanna agus fotheidil a tharraingt/scríobh/chlóscríobh agus a chruthú le smaointe a chur i láthair agus in iúl. Má tá saindeacracht foghlama ag scoláire, d'fhéadfadh sé tairbhe a bhaint as tascanna agus as gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear i láthair i mbealach difriúil. Tá treoirlínte cuimsitheacha faoi chuimsiú in iar-bhunscoileanna ar fáil [anseo](#) agus tá treoirlínte do mhúinteoirí scoláirí faoi Mhíchumais Ghinearálta Foghlama ar fáil [anseo](#).

Aguisín 1: Na Táscairí Leibhéal le haghaidh

Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Forbraíodh an gearrchúrsa seo ar aon dul leis na Táscairí Leibhéal le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. De ghnáth bíonn baint ag an eolas, ag an scil agus ag an inniúlacht a ghnóthaítear le haghaidh theistiúchán agus dhámhachtainí Leibhéal 3 le forbairt phearsanta, le rannpháirteachas sa tsochaí agus sa phobal, le fostaíocht, agus le fáil ar oideachas agus ar oiliúint bhreise.

Leibhéal an Chreata 3 Náisiúnta Cáilíochtaí	
Eolas <i>Fairsinge</i>	Raon sách fairsing eolais
Eolas <i>Cineál</i>	Tagairt nithiúil den chuid is mó agus roinnt tuisceana ar an ngaol idir gnéithe eolais
Fios gnó agus scil <i>Raon</i>	Raon teoranta scileanna agus uirlisí praiticiúla agus cognaíocha a thaispeáint
Fios gnó agus scil <i>Roghnaíocht</i>	Roghnú ó raon teoranta gnásanna éagsúla agus réitigh ar eolas a chur i bhfeidhm ar raon teoranta d'fhadhbanna intuatha
Inniúlacht <i>Comhthéacs</i>	Gníomhú laistigh de raon teoranta comhthéacsanna
Inniúlacht <i>Ról</i>	Gníomhú faoi threoir le neamhspleáchas teoranta; feidhmiú i ngrúpaí aonchineálacha a bhfuil cleachtadh orthu
Inniúlacht <i>Foghlaim le foghlaim</i>	Foghlaim le foghlaim i dtimpeallacht bhainistithe
Inniúlacht <i>Léargas</i>	Glacadh le freagracht theoranta as leanúnachas féintuisceana agus iompair

